**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0187/2022**

21.6.2022

*

# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le glacadh an euro ag an gCróit an 1 Eanáir 2023
(COM(2022)0282 – C9-0195/2022 – 2022/0179(NLE))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Siegfried Mureşan

PR_NLE-CN_LegAct_app

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## ÁBHAR

**Leathanach**

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................................9

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH .....................................................................12

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........13

# DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le glacadh an euro ag an gCróit an 1 Eanáir 2023**
**(COM(2022)0282 – C9-0195/2022 – 2022/0179(NLE))**

**(Comhairliúchán)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le glacadh an euro ag an gCróit an 1 Eanáir 2023 (COM(2022)0282),

– ag féachaint d'Airteagal 140(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint don Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le Cóineasú 2022 agus don Tuarascáil maidir le Cóineasú an Bhainc Ceannais Eorpaigh, mí an Mheithimh 2022,

– ag féachaint do rún uaithi an 1 Meitheamh 2006 maidir le méadú an limistéir euro[1],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Meitheamh 2007 maidir le feabhas a chur ar an modh chun dul i gcomhairle leis an bParlaimint i nósanna imeachta a bhaineann le méadú an limistéir euro[2],

– ag féachaint do Riail 106 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0187/2022),

A. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 140 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) do ghnóthú ardleibhéil cóineasaithe inbhuanaithe faoi thagairt a dhéanamh do chomhlíonadh na gcritéar seo a leanas ag gach Ballstát: gnóthú ardleibhéil cobhsaíochta praghsanna; inbhuanaitheacht riocht airgeadais an rialtais, nach bhfuil an Ballstát faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach mar a thuairiscítear i bPrótacal Uimh. 12 atá i gceangal leis na Conarthaí; urramú na ngnáthlamhálacha luaineachta dá bhforáiltear leis an sásra ráta malairte; agus marthanacht an chóineasaithe arna ghnóthú ag an mBallstát agus ag rannpháirtíocht an Bhallstáit i sásra ráta malairte an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta a bheith á léiriú i leibhéil fhadtéarmacha rátaí úis ('critéir Maastricht');

B. de bhrí gur chomhlíon an Chróit critéir Maastricht i gcomhréir le hAirteagal 140 CFAE agus Prótacal Uimh. 13 maidir leis na critéir um chóineasú atá i gceangal leis na Conarthaí, agus go bhfuil meastóireacht déanta ag an gCoimisiún agus ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ar reachtaíocht na Cróite mar reachtaíocht atá ag teacht go

---

[1] IO C 298 E, 8.12.2006, lch. 249.
[2] IO C 146 E, 12.6.2008, lch. 251.

hiomlán le ceanglais CFAE agus Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh;

C. de bhrí go n-iarrtar in CFAE go ndéanfaí scrúdú ar thosca eile atá ábhartha do chomhtháthú agus cóineasú eacnamaíoch agus atá le cur san áireamh sa mheasúnú, lena n-áirítear forbairtí i gcomhardú íocaíochtaí agus comhtháthú margaí táirgí, saothair agus airgeadais; de bhrí go measann an Coimisiún go gcomhlíonann an Chróit na coinníollacha chun an euro a ghlacadh, comh maith leis na critéir bhreise;

D. de bhrí, bunaithe ar chleachtas coiteann, agus mar a rinneadh roinnt uaireanta roimhe seo, chun an critéar cobhsaíochta praghsanna a mheasúnú, go ndéanann an Coimisiún na tíortha siúd nach bhféadfaí a rátaí boilscithe a mheas mar thagarmharc fóinteach do Bhallstáit eile a eisiamh ó na tíortha is fearr feidhmíocht, agus go bhfuil dhá Bhallstát eisithe ón measúnú aige, mar sin, maidir le bheith ina dtíortha is fearr feidhmíocht;

E. de bhrí go raibh tionchar ag na himthosca atá ann faoi láthair, amhail an méadú ar phraghsanna fuinnimh agus ionradh neamhdhleathach na Rúise agus ionradh na hÚcráine gan chosaint, ar roinnt táscairí a úsáideadh sna tuarascálacha cóineasaithe agus go mbeadh gá le machnamh leormhaith a dhéanamh ar a gcur chun feidhme; de bhrí, maidir le cloí leis na critéir sin, go rannchuidíonn sé le lánpháirtiú san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus le cobhsaíocht fhadtéarmach an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta;

F. de bhrí, le teacht i bhfeidhm an chreata dlúthchomhair ar an 1 Deireadh Fómhair 2020, gur tugadh an fhreagracht do BCE as maoirseacht dhíreach a dhéanamh ar ocht n-institiúid thábhachtacha agus as maoirseacht a dhéanamh ar 15 institiúid ar lú a dtábhacht sa Chróit;

G. de bhrí gur gheall an Chróit roinnt beart a chur chun feidhme tar éis di teacht isteach in ERM II i mí Iúil 2020 sna ceithre réimse seo a leanas: frithsciúradh airgid, an timpeallacht ghnó, rialachas na hearnála poiblí agus creat dócmhainneachta;

H. de bhrí gur thug an Rapóirtéir cuairt ar an gCróit chun measúnú a dhéanamh ar ullmhacht na tíre teacht isteach sa limistéar euro;

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún;

2. ag tacú le glacadh an euro ag an gCróit an 1 Eanáir 2023;

3. á thabhairt tabhairt dá haire go gcomhlíonann an Chróit na critéir go léir chun an euro a ghlacadh mar thoradh ar iarrachtaí uaillmhianacha, diongbháilte, inchreidte agus inbhuanaithe ag Rialtas na Cróite agus ag muintir na Cróite;

4. á thabhairt tabhairt dá haire go ndearna an Coimisiún agus BCE na measúnuithe dearfacha i gcomhthéacs thurraing COVID-19, a bhí níos faide ná mar a bhíothas ag dréim leis, agus an téarnaimh eacnamaíoch a bhí ann ina dhiaidh sin in 2021; á thabhairt dá haire, áfach, go raibh tionchar teoranta ag ionradh gan chúis agus neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin a thosaigh an 24 Feabhra 2022 ar na sonraí stairiúla a úsáideadh chun na tuarascálacha cóineasaithe a ullmhú; á chur in iúl go bhfuil sí suite de, dá bhrí sin, go bhfuil an Chróit go hiomlán ullamh an euro a ghlacadh amhail ón 1 Eanáir 2023;

5. á chur i bhfios go láidir, in ainneoin na staide eacnamaíche deacra a tháinig as an ngéarchéim sláinte agus as an méadú is déanaí ar phraghsanna fuinnimh, gurb ionann glacadh an euro agus comhlíonadh na gcritéar is riachtanach ag an gCróit agus comhartha polaitiúil láidir maidir le hinmharthanacht agus tarraingteacht airgeadra aonair an Aontais; á chur in iúl, mar sin, gur díol sásaimh di na hiarrachtaí leanúnacha atá déanta ag Rialtas na Cróite i ndáil leis sin; ag creidiúint go gcuirfidh tabhairt isteach an euro ag an gCróit le teacht aniar agus le haontacht an Aontais agus go gcuirfidh sí lena híomhá dhearfach sa réigiún, go háirithe ós rud é gurb é sin an chéad phróiseas comhtháthaithe suntasach de chuid an Aontais tar éis Brexit;

6. á thabhairt chun suntais go neartóidh tabhairt isteach an euro geilleagar na Cróite agus go rachaidh sé chun tairbhe a muintire agus a cuid cuideachtaí, mar go mbeidh geilleagar na tíre níos athléimní, go meallfar níos mó infheistíochta coigríche, go méadófar muinín infheisteoirí idirnáisiúnta agus go laghdófar malartuithe airgeadra, a mbeidh éifeacht ábhartha acu in earnáil ríthábhachtach na turasóireachta sa tír;

7. á chur in iúl gur geal léi an obair atá déanta ag rialtas na Cróite maidir le hacmhainneacht institiúideach na Cróite a neartú, na hiarrachtaí chun an timpeallacht ghnó a fheabhsú, agus maidir le hathchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil, arb athchóirithe iad a rannchuidíonn le fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach; á chur in iúl gur geal léi go háirithe na hiarrachtaí chun neamhspleáchas institiúideach Hrvatska narodna banka a neartú; á iarraidh ar údaráis na Cróite leanúint den chreat institiúideach a neartú chun cáilíocht rialála a áirithiú;

8. á iarraidh go gcuirfear athchóirithe agus infheistíochtaí Phlean na Cróite don Athléimneacht agus don Téarnamh chun feidhme go pras agus go héifeachtach, rud a chuirfidh borradh faoin bhfás agus a neartóidh a chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach;

9. á chur i bhfios go láidir go rannchuidíonn an cóineasú sa mhaoirseacht baincéireachta le cobhsaíocht airgeadais a choimirciú trína áirithiú go gcuirfear caighdeáin aonfhoirmeacha mhaoirseachta i bhfeidhm; á thabhairt chun suntais ina theannta sin, gur áirithigh an Chróit, trí dhlúthchomhar le BCE, go mbeadh bealach rianúil ann chun dul isteach san Aontas Baincéireachta;

10. á iarraidh ar údaráis na Cróite leanúint dá bhfeachtas maith faisnéise agus cumarsáide maidir le glacadh an euro;

11. á iarraidh ar údaráis na Cróite leanúint de na hullmhúcháin phraiticiúla atá ar siúl faoi láthair chun próiseas rianúil athraithe a áirithiú;

12. á thabhairt dá haire, de réir Thuarascáil 2022 ón gCoimisiúin maidir le Cóineasú, go bhfuil leibhéal cóineasaithe praghsanna leis an limistéar euro bainte amach cheana sa Chróit atá níos airde ná an leibhéal praghsanna a baineadh amach i mBallstáit eile nuair a tháinig siad isteach sa limistéar euro; ag dréim leis, dá bhrí sin, go ndéanfaidh rialtas na Cróite iarrachtaí leanúnacha chun a áirithiú go mbainfear amach tuilleadh cóineasaithe praghsanna ar bhealach inbhuanaithe agus nach dtiocfaidh méaduithe saorga ar phraghsanna mar gheall an euro a thabhairt isteach;

13. á iarraidh ar Rialtas na Cróite leanúint dá chuid gníomhaíochtaí chun an gealltanas a chomhlíonadh plean gníomhaíochta nua maidir le frithsciúradh airgid a chur chun feidhme faoi 2023;

14. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint arís má tá sé ar intinn aige an téacs atá formheasta ag an bParlaimint a leasú go substaintiúil;

15. á iarraidh ar an gComhairle fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aige imeacht ón téacs atá formheasta ag Parlaimint na hEorpa;

16. á threorú dá hUachtarán an cinneadh sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an mBanc Ceannais Eorpach agus chuig rialtais na mBallstát.

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is ionann an Chróit a bheith ag dul isteach i limistéar an euro agus comhartha láidir polaitiúil ar inmharthanacht agus tarraingteacht airgeadra aonair an Aontais. Fiche bliain ó tugadh isteach na chéad nótaí bainc, tá an euro anois ina shiombail de neart agus d'aontacht na hEorpa. A bhuí lena thiomanta atá sí agus leis na hiarrachtaí atá déanta aici na coinníollacha a chomhlíonadh chun an euro a ghlacadh, tá an Chróit réidh anois le dul isteach sa limistéar euro an 1 Eanáir 2023, níos lú ná deich mbliana tar éis di dul isteach in AE. Beidh fáilte sa limistéar euro roimh an bhfichiú ball de.

Faoi láthair, is 'Ballstát a bhfuil maolú aige' í an Chróit; mar sin, níl sí ina ball den limistéar euro. Dá bhrí sin, ó thráth aontachas na Cróite le AE, déanann an Coimisiún agus BCE measúnú dhá uair sa bhliain uirthi maidir lena cóineasú.

Eisíodh na tuarascálacha maidir le cóineasú ón gCoimisiúin agus ó BCE araon an 1 Meitheamh 2022. Cuimsítear sna tuarascálacha sin scrúdú ar an bhfuil reachtaíocht na Cróite, go háirithe reachtanna a bainc ceannais náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagail 130 agus 131 den Chonradh agus le Reacht CEBC agus BCE. Scrúdaítear sna tuarascálacha freisin an amhlaidh a baineadh amach ardleibhéal cóineasaithe inbhuanaithe, trí thagairt do chomhlíonadh na gcritéar um chóineasú, agus cuirtear san áireamh iontu roinnt tosca eile a cheanglaítear faoin bhfomhír dheiridh d'Airteagal 140(1) den Chonradh.

Bunaithe ar a thuarascáil féin maidir le cóineasú agus ar thuarascáil BCE, mhol an Coimisiún go nglacfadh an Chróit an euro ón 1 Eanáir 2023. Téitear i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa i dtaca leis an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le glacadh an euro ag an gCróit an 1 Eanáir 2023.

Leagtar amach in Airteagal 140(1) CFAE na critéir don Chróit maidir leis an euro a ghlacadh. Luaitear in Airteagal 140(2) CFAE go gcinnfidh an Chomhairle, ar bhonn na dtuarascálacha ón gCoimisiún agus ó BCE agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, cé hiad na Ballstáit a bhfuil maolú acu a chomhlíonann na coinníollacha is gá ar bhonn na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 140(1) CFAE, agus aisghairfidh sí maoluithe na mBallstát i dtrácht.

Maidir leis na Critéir um Chóineasú faoi Airteagal 140(1) CFAE, tugann an Rapóirtéir an méid seo a leanas dá aire:

## *1. Comhoiriúnacht na reachtaíochta náisiúnta le hAirteagail 130 agus 131 agus le Reachtanna BCE*

Sa Chróit, tá reachtaíocht náisiúnta, lena n-áirítear Reacht an Bhainc Cheannais Náisiúnta, ag teacht hAirteagail 130 agus Airteagal 131 den Chonradh agus le Reacht CEBC agus BCE. Go háirithe, leis an leasú ar an Dlí maidir le banc ceannais na Cróite, cuirtear toirmeasc ar Rialtas na Cróite féachaint le tionchar a imirt ar bhaill a chomhlachtaí cinnteoireachta.

## *2. Ardleibhéal cobhsaíochta praghsanna a bhaint amach*

Bhí an meánráta boilscithe sa Chróit sa bhliain dar críoch in Aibreán 2022 ag 4.7 faoin gcéad,

ráta atá faoi bhun an luacha thagartha, agus is dócha go bhfanfaidh sé faoi bhun an luacha thagartha sna míonna amach romhainn. Is luach tagartha arna ríomh mar mheán uimhríochtúil simplí rátaí boilscithe na dtrí Bhallstát is feidhmiúla ó thaobh cobhsaíocht praghsanna de, móide 1.5 pointe céatadáin, a úsáideadh i dtuarascálacha an Choimisiúin agus BCE. Sa tréimhse bliana a chríochnaigh in Aibreán 2022, is 4.9 faoin gcéad an luach tagartha boilscithe a ríomhadh, agus ba iad an Fhrainc, an Fhionlainn agus an Ghréig na trí Bhallstát ab fheidhmiúla ó thaobh cobhsaíocht praghsanna de. Rinne an Coimisiún na tíortha nárbh fhéidir a rátaí boilscithe a mheas a bheith ina dtagarmharc fóinteach do Bhallstáit eile a eisiúint ó na tíortha is fearr feidhmíocht. San am a chuaigh thart, rinneadh asluitigh den sórt sin a shainaithint in 2004, 2010, 2013, 2014 agus 2016. Ina mheasúnú, rinne an Coimisiún Málta agus an Phortaingéil a eisiamh an iarraidh seo ó na tíortha is fearr. Chun an luach tagartha a ríomh, cuireadh an Fhionlainn agus an Ghréig ina n-ionad, tíortha arb iad na Ballstáit arb ísle meánrátaí boilscithe, i ndiaidh Mhálta agus na Portaingéile.

### *3. Inbhuanaitheacht riocht airgeadais an rialtais*

Níl an Chróit faoi réir cinneadh ón gComhairle maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann (aisghairm an nós imeachta um easnamh iomarcach in 2016).

### *4. Gnáthlamhálacha luaineachta sásra ráta malairte II CEA a chomhlíonadh le 2 bhliain anuas ar a laghad*

Tá an Chróit ina ball de ERM II ó bhí 10 Iúil 2020 ann. Le linn an dá bhliain roimh an measúnú, ní raibh sásra malairte an kuna faoi aon teannas mór agus níor dhíluacháil an Chróit ráta lárnach déthaobhach an HRK in aghaidh an euro ar a tionscnamh féin.

### *5. Marthanacht an Chóineasaithe, mar a léirítear i leibhéil fhadtéarmacha rátaí úis*

Sa bhliain dar críoch Aibreán 2022, ba é 0.8 faoin gcéad, ar an meán, an ráta úis fhadtéarmaigh sa Chróit, ráta atá go mór faoi bhun an luacha thagartha. Chun comhlíonadh an chritéir ráta úis a mheas, rinneadh breathnú i dtuarascálacha an Choimisiúin agus BCE ar luach tagartha arna ríomh mar mheán uimhríochtúil simplí rátaí úis fadtéarmacha ainmniúla na dtrí Bhallstát is feidhmiúla ó thaobh cobhsaíocht praghsanna de, móide dhá phointe céatadáin. Tá an luach tagartha bunaithe ar na rátaí úis fadtéarmacha (bannaí rialtais tagarmhairc deich mbliana) sa Fhrainc (0.3 faoin gcéad), san Fhionlainn (0.2 faoin gcéad) agus sa Ghréig (1.4 %) agus sa tréimhse bliana a chríochnaigh i mí Aibreáin 2022 ba é 2.6 faoin gcéad an ráta.

### *6. Comhtháthú eacnamaíoch agus cóineasú (Airt. 140(1), an dara fomhír)*

Sa dara fomhír d'Airteagal 140(1) CFAE, iarrtar go gcuirfí scrúdú san áireamh sa mheasúnú maidir le tosca eile atá ábhartha i dtaobh comhtháthú agus cóineasú eacnamaíoch. Sa mheasúnú ar na
tosca breise – lena n-áirítear forbairtí maidir le comhardú na n-íocaíochtaí, chomh maith le comhtháthú táirgí, comhtháthú saothair agus comhtháthú an mhargaidh airgeadais – tugtar léiriú tábhachtach ar an gcumas atá Ballstát é féin a chomhtháthú sa limistéar euro gan deacrachtaí.

Maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, roghnaigh an Coimisiún an Chróit le

haghaidh athbhreithniú domhain a dhéanamh uirthi i dTuarascáil 2022 uaidh maidir leis an Sásra Foláirimh, inar tugadh chun suntais go raibh míchothromaíochtaí a bhain le hardleibhéil fiachais sheachtraigh, phríobháidigh agus rialtais ag dul i laghad fós in 2021 i gcomhthéacs acmhainneacht íseal fáis.

Maidir le forbairtí i gcomhardú na n-íocaíochtaí, rinne paindéim COVID-19 difear an-mhór d'iarmhéid chuntas reatha na Cróite in 2020, ach tháinig téarnamh uirthi go pras le linn 2021. Meastar go ndéanfar barrachas níos lú de 1.5 % de OTI a thaifeadadh ar an gcuntas reatha in 2022. I ndeireadh na dála, maidir le comhtháthú an mhargaidh, tá geilleagar na Cróite comhtháite go maith sa limistéar euro trí naisc trádála, airgeadais agus infheistíochta.

### *7. Nóta maidir le dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa*

De dheasca sceideal docht nós imeachta na Parlaiminte, ní féidir aistriúcháin a dhéanamh ar an Dréacht-Tuarascáil (rud a fhágann nach gcuirtear ach nós imeachta EN amháin ar fáil) ná ní féidir grinnscrúdú domhain a dhéanamh ar an Tuarascáil um Chóineasú. Agus na dúshláin sin á dtuar aige, chuir an Coiste ECON tús lena chuid oibre go luath i gcomhthéacs Mheitheal um Thíortha Aontachais an Limistéir Euro, agus thug sé cuireadh chuig cruinnithe i seomra iata do Leas-Phríomh-Aire agus Aire Airgeadais na Cróite, Zdravko Marić, i mí na Bealtaine 2020 agus i mí Dheireadh Fómhair 2021.

Ina theannta sin, chun measúnuithe ar chóineasú ag an gCoimisiúin agus ag BCE a chomhlánú, d'iarr an Coiste ECON go ndéanfaí staidéar neamhspleách ar 'Euro area accession: [Aontachas leis an limistéir euro: assessment of the convergence path and COVID-19 implications, with a special focus on Croatia and Bulgaria [Measúnú ar chonair an chóineasaithe agus impleachtaí COVID-19, agus béim ar leith á leagan ar an gCróit agus ar an mBulgáir].

Tá comhairliúcháin rúnda eagraithe ag an Rapóirtéir leis an gCoimisiún agus le BCE. Ar deireadh, bhí cruinnithe ardleibhéil ag an Rapóirtéir i Ságrab chun léargas díreach a fháil ar an láthair.

Bunaithe ar an méid thuas, molann an Rapóirtéir go gcuirfí deireadh leis an maolú agus glacfaidh an Chróit an euro an 1 Eanáir 2023.

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Glacadh an euro ag an gCróit an 1 Eanáir 2023 |
| **Tagairtí** | COM(2022)0282 – C9-0195/2022 – 2022/0179(NLE) |
| **Dáta an chomhairliúcháin / na hiarrata ar thoiliú** | 3.6.2022 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ECON |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Siegfried<br>Mureşan<br>7.4.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 14.6.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 20.6.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 43<br>–: 2<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Anna-Michelle Asimakopoulou, Gunnar Beck, Gilles Boyer, Jonás Fernández, Raffaele Fitto, Luis Garicano, Michiel Hoogeveen, Danuta Maria Hübner, Stasys Jakeliūnas, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Aurore Lalucq, Philippe Lamberts, Aušra Maldeikienė, Pedro Marques, Csaba Molnár, Siegfried Mureşan, Lídia Pereira, Dragoş Pîslaru, Evelyn Regner, Dorien Rookmaker, Paul Tang, Irene Tinagli, Ernest Urtasun |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marc Angel, Damien Carême, Christophe Hansen, Eugen Jurzyca, Georgios Kyrtsos, Chris MacManus, Margarida Marques, René Repasi, Bogdan Rzońca, Sven Simon |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pablo Arias Echeverría, Saskia Bricmont, Rosa D'Amato, Jan Huitema, Radan Kanev, Fabienne Keller, Maria-Manuel Leitão-Marques, Colm Markey, Ivan Štefanec, Lucia Vuolo, Javier Zarzalejos |
| **Dáta don chur síos** | 21.6.2022 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 43 | + |
|---|---|
| ECR | Raffaele Fitto, Eugen Jurzyca, Bogdan Rzońca |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Anna-Michelle Asimakopoulou, Christophe Hansen, Danuta Maria Hübner, Radan Kanev, Aušra Maldeikienė, Colm Markey, Siegfried Mureşan, Lídia Pereira, Sven Simon, Ivan Štefanec, Lucia Vuolo, Javier Zarzalejos |
| RENEW | Gilles Boyer, Luis Garicano, Jan Huitema, Billy Kelleher, Fabienne Keller, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtsos, Dragoş Pîslaru |
| S&D | Marc Angel, Jonás Fernández, Aurore Lalucq, Maria-Manuel Leitão-Marques, Margarida Marques, Pedro Marques, Csaba Molnár, Evelyn Regner, René Repasi, Paul Tang, Irene Tinagli |
| THE LEFT | Chris MacManus |
| VERTS/ALE | Rasmus Andresen, Saskia Bricmont, Damien Carême, Rosa D'Amato, Stasys Jakeliūnas, Philippe Lamberts, Ernest Urtasun |

| 2 | - |
|---|---|
| ECR | Michiel Hoogeveen |
| ID | Gunnar Beck |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ECR | Dorien Rookmaker |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh